FOIRM IARRATAIS D'IAR-CHÓNAITHEOIRÍ SCOILEANNA SAOTHAIR AGUS SCOILEANNA CEARTÚCHÁIN AR ROCHTAIN AR THAIFID FAOIN ACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE 2014.

1. SONRAÍ PEARSANTA REATHA

Ainm: _____ **Dáta Breithe**: _____

Seoladh: _____ **Uimh. Theileafóin**: **Obair** _____

_____ **Uimh. Theileafóin**: **Baile** _____

_____ **Tabhair do Shloinne Réamhphósta nuair is cuí.**

2. SONRAÍ FAOIN SCOIL SAOTHAIR AR AR FHREASTAIL TÚ

Ainm agus Suíomh na Scoile(anna) ar ar fhreastail tú: _____

_____

Neas-Bhlianta Iontrála agus Scaoilte: _____

3. SONRAÍ FAOI DO THEAGHLACH

Ainm do Mháthar: _____ **Ainm d'Athar**: _____

Seoladh roimh Shocrúchán: _____

Ainmneacha aon dearthóireacha agus deirfiúracha atá agat (is cuma cé acu a d'fhreastail nó nár fhreastail siad ar Scoil Saothair): _____

_____

_____

Tabhair aon fhaisnéis bhreise anseo, faisnéis a measann tú go mbeadh sí úsáideach maidir le do thaifid a aimsiú, e.g. Aon ainm eile a tugadh ort sa scoil, an áit ar socraíodh tú tar éis tú a scaoileadh ón scoil, etc.

Léigh mé na treoirlínte faoi iamh agus chuir mé foirm céannachta isteach in éineacht le m'iarratas. Tuigim nach scaoilfear mo thaifid dom gan an fhoirm céannachta sin a sholáthar. ☐

Cuir tic leis an mbosca

Sínithe:_____ Dáta:_____

TREOIRLÍNTE D'IAR-CHÓNAITHEOIRÍ SCOILEANNA SAOTHAIR A BHFUIL IARRATAS Á DHÉANAMH ACU AR ROCHTAIN AR THAIFID PHEARSANTA ATÁ I SEILBH NA ROINNE OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA

1 Ginearálta

Coinníonn an Roinn taifid ar iarchónaitheoirí de chuid 59 Scoil Saothair agus Scoil Cheartúcháin, iarchónaitheoirí a socraíodh sna scoileanna sin le hÉisteacht Chúirte. Tríd is tríd, is é atá sna taifid sin ná Sleachta as Cláir, Iontráil sa Bhunachar Sonraí (leagan ríomhairithe den Chlár), Cártaí Kardex, Comhaid daltaí/tuismitheoirí aonair, Taifid Leighis, etc. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach gcoinníonn an Roinn comhad aonair do gach iarchónaitheoir agus nach bhfuil ar fáil i gcuid mhór cásanna ach an Iontráil sa Bhunachar Sonraí agus an Sliocht as an gClár.

Socraíodh mórán leanaí i Scoileanna Saothair ar bhealaí eile seachas trí na Cúirteanna, e.g. atreoruithe ón mBord Sláinte, Socrú Príobháideach, etc. Tríd is tríd, ní choinníonn an Roinn aon taifid i gcásanna den sórt sin. D'fhéadfadh gurbh fhiú dul i dteagmháil leis an Roinn Sláinte agus Leanaí sna cásanna sin d'fhonn rochtain a fháil ar aon taifid a d'fhéadfadh a bheith ina seilbh.

2 Iarratais

Tá roinnt bealaí éagsúla ann inar féidir rochtain ar thaifid phearsanta a iarraidh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014.

A. Iarratas Pearsanta

Agus an fhoirm faoi iamh á húsáid, is féidir leis an iarchónaitheoir iarbhír iarratas a dhéanamh ar rochtain ar thaifid phearsanta atá i seilbh na Roinne. Tuigtear nach mbeidh gach duine in ann an fhaisnéis ar fad a iarrtar a sholáthar. Mar sin féin, ba cheart gach iarracht a dhéanamh chun an oiread faisnéise agus is féidir a sholáthar ionas go mbeidh an Roinn in ann cuardach cuimsitheach a dhéanamh ar ár dtaifid. Mar gheall ar chineál an ábhair a bhíonn á scaoileadh, is tábhachtach don Roinn go dtabharfar na taifid chearta do na daoine cearta. Chuige sin, éilímid go gcuirfidh an t-iarratasóir foirm céannachta de chineál éigin isteach lena (h)iarratas, e.g. Teastas Breithe, Pas, Ceadúnas Tiomána, Bille Teaghlaigh, etc. Is leor fótachóip de cheann ar bith díobh sin. **Ba cheart a thabhairt faoi deara nach scaoilfidh an Roinn seo aon taifid gan í féin a shásamh maidir le céannacht an iarratasóra.**

B. Iarratas trí Aturnae

Sa chás go bhfuil iarratas á dhéanamh ag aturnae thar do cheann, ba cheart an oiread faisnéise agus is féidir a sholáthar, ag féachaint do na ceisteanna a chuirtear ar an bhfoirm iarratais ar an taobh eile den leathanach seo. Chomh maith leis sin, beidh ort/ar d'aturnae do thoiliú scríofa a sholáthar maidir le scaoileadh na taifead don aturnae.

C. Iarratas trí Thríú Páirtí

Sa chás go bhfuil iarratas á dhéanamh ag Tríú Páirtí, e.g. mac, iníon, fear céile, bean chéile, etc., thar ceann iarchónaitheora, ba cheart an fhoirm céannachta chuí, agus toiliú scríofa an iarchónaitheora maidir le scaoileadh na dtaifead don Tríú Páirtí sin, a bheith ag gabháil leis an iarratas.

D. Iarratas thar ceann Iarchónaitheoir nach Maireann

Glacfaidh an Roinn le hiarratais thar ceann iarchónaitheoir nach maireann de chuid Scoil Saothair nó Scoil Cheartúcháin sna cásanna seo a leanas:

1. i gcásanna ina bhfuil Teastas Báis an iarchónaitheora ag gabháil leis an iarratas
2. i gcásanna inarb ionann an duine a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh aige/aici agus neasghaol an iarchónaitheora
3. i gcásanna ina soláthraítear cruthúnas, nuair is féidir, ar an ngaol a bhí ann idir an t-iarratasóir agus an t-iarchónaitheoir.

Ní hé is aidhm do na coinníollacha thuas an próiseas iarratais a dhéanamh níos casta. Ina ionad sin, is é is aidhm dóibh an ceart chun príobháideachais atá ag gach duine lena mbaineann a chosaint. Má bhíonn aon cheisteanna agat faoina bhfuil thuas, ná bíodh leisce ort teagmháil a dhéanamh leis an Roinn agus tabharfaidh duine de na baill foirne cúnamh duit maidir leis an iarratas.

Ba cheart gach iarratas a chur ar aghaidh chuig: **An tAonad um Shásamh Institiúidí Cónaithe,**
An Roinn Oideachais agus Scileanna,
Corr na Madadh,
Baile Átha Luain,
Co. na hIarmhí.

Teileafón 090648 4139/4051/3951

Ní bhainfidh an Roinn Oideachas agus Scileanna úsáid as na sonraí pearsanta uile atá curtha ar fáil agat ach amháin chun na críche atá beartaithe. Ní nochtfar an fhaisnéis sin ach amháin de réir mar a cheadaítear le dlí.